


# BEALTAINE 2024

## AG CEILIÚRADH NA nEALAÍON AGUS NA CRUTHAITHEACHTA AGUS MUID AG DUL IN AOIS

## CELEBRATING THE ARTS AND CREATIVITY AS WE AGE

Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo

Mayo County Council Arts Service

# BEALTAINE 2024

### Fáilte chuig Clár Bhealtaine 2024 de chuid Sheirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

Féile náisiúnta í Bealtaine a cheiliúrann na healaíona agus an chruthaitheacht i measc daoine atá ag dul in aois.

Is tionscnamh í an fhéile de chuid Deiseanna san Aois, an eagraíocht náisiúnta a spreagann daoine scothaosta le saol gníomhach agus rannpháirteach a bheith acu.
I measc na n-imeachtaí atá ar chlár Sheirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo i mbliana tá taibhléirithe, comhráite, ceardlanna agus turais agus tá gach imeacht saor in aisce. Ár mbuíochas leis na healaíontóirí, na hionaid ealaíon, na grúpaí pobail agus na daoine aonair atá ag glacadh páirte i bhFéile Bhealtaine na bliana seo i Maigh Eo.

*Tá Bealtaine arna mhaoiniú go straitéiseach ag Comhairle Contae Mhaigh Eo agus ag an gComhairle Ealaíon.*

### Welcome to Mayo County Council's Arts Service Bealtaine Programme for 2024.

Bealtaine is Ireland's national festival celebrating the arts and creativity as we age.

The festival is an initiative of Age & Opportunity, the national organisation that promotes active and engaged living as we get older. Mayo County Council's Arts Service programme this year includes performances, workshops and tours and all events are free of charge. Thank you to all the artists, arts venues, community groups and individuals taking part in this year's Bealtaine Festival in Mayo.

*Bealtaine is strategically funded by Mayo County Council and the Arts Council.*



# CULTURAL COMPANIONS

### Comrádaithe Cultúir, bí linn!

Is gréasán é Comrádaithe Cultúir do dhaoine níos sine a bhfuil spéis acu sna healaíona agus sa chultúr agus ar mhaith leo freastal ar imeachtaí le chéile. Is é an aidhm atá le Comrádaithe Cultúir Mhaigh Eo ná deiseanna a thabhairt do dhaoine níos sine sult a bhaint as an earnáil bhríomhar chultúir agus ealaíon i Maigh Eo. Is togra de chuid Deiseanna san Aois é Comrádaithe Cultúir agus tá ballraíocht SAOR IN AISCE.

Gheobhaidh gach ball clár rialta imeachtaí. Cuirfidh siad na himeachtaí in áirithe iad féin más maith leo freastal orthu. Buaileann na baill le chéile ag am ar leith roimh an ócáid agus téann siad ann le chéile. Bíonn teacht le chéile sóisialta ann mar chuid de chomh maith de ghnáth.

Má tá spéis agat páirt a ghlacadh sa scéim Comrádaithe Cultúir, déan teagmháil le Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo ag: 094 906 4666 nó ar ríomhphost ag mayoarts@mayococo.ie

*Is togra de chuid Deiseanna san Aois é Comrádaithe Cultúir, atá maoinithe ag Maigh Eo Sláintiúil agus a dtacaíonn Seirbhís Ealaíon Mhaigh Eo agus Clár Aoisbhá Mhaigh Eo leis. Tacaíonn an Roinn Sláinte le Ciste Éire Shláintiúil.*

### Join the Network!

Cultural Companions is an Age & Opportunity Arts Initiative comprising a network of older people interested in arts and culture who can attend events together as a group. Mayo Cultural Companions aim is to provide increased opportunities for older people to engage with Mayo's vibrant arts and cultural scene. Membership is FREE.

Members will receive a regular calendar of events. Members will independently book and pay for those events they wish to attend. The members meet up at an allocated time prior to an event and attend together usually with a social get together built in.

If you are interested in getting involved in Cultural Companions, contact Mayo County Council Arts Service on: 094 906 4666 or email mayoarts@mayococo.ie

*Cultural Companions is an Age & Opportunity Arts Initiative, supported by Mayo County Council Arts Service and Mayo Age Friendly and funded by Healthy Mayo. The Healthy Ireland Fund is supported by the Department of Health.*

Maigh Eo | Mayo
Cultural Companions
An Age & Opportunity arts initiative

# SONGLINES

Déanann Songlines iad siúd a bhfuil néaltrú agus lagú cognaíoch orthu a spreagadh tríd an bhfilíocht agus na hamhráin. Déanann rannpháirtithe na dánta agus na hamhráin is ansa leo ó aois an pháiste, ón ógántacht agus ón aosacht a phlé, a léamh, agus a chanadh le chéile. Déanann ealaíontóirí gairmiúla a bhfuil taithí fhairsing acu ar obair sna healaíona agus sa tsláinte na ceardlanna seo a éascú, a bhfuil mar chuspóir acu cuimhní a nochtadh a bhaineann leis an dá fhoirm ealaíne agus is minic go gcumann na healaíontóirí agus na rannpháirtithe amhráin agus dánta nua mar thoradh orthu.

Cuirfear imeacht speisialta ar siúl ag deireadh imeacht Songlines a léireoidh éascaitheoirí, cliaint agus foireann stáitse 'Festival in a Van' a dhéanfaidh an lucht féachana a mhealladh trí rannpháirtíocht ghníomhach trí amhráin agus dánta a pléadh sna ceardlanna chomh maith le roinnt iarrataí a rinneadh feadh an bhealaigh freisin.

I ngeall ar an rath a bhí ar an gcéad bhliain, cuirfear Songlines ar siúl athuair agus tabharfar cuairteanna ar cheithre áit chónaithe nua chúraim i Maigh Eo sa bhliain 2024.

Tá na ceardlanna á n-éascú go flaithiúil ag Isabela Basombrío Hoban agus John Hoban ag Áras Deirbhle, Ospidéal Pobail Bhéal an Mhuirthead agus ag Ospidéal an Chroí Ró-Naofa, Caisleán an Bharraigh.

*Tá Songlines á chistiú go bródúil ag an gComhairle Ealaíon agus tá tacaíocht á tabhairt dó ag Comhairle Contae Thiobraid Árann, Comhairle Contae Mhaigh Eo, Réalta, agus ag Éigse Éireann.*



Songlines engages those living with dementia and cognitive impairment through poetry and song. Participants discuss, read, and sing together favourite poems and songs from childhood, adolescence, and adulthood. Facilitated by professional artists with extensive experience working in arts & health, these workshops endeavor to reveal memories associated with both artforms and often results in the composition of new songs and poems by the artists and participants.

Songlines culminates in a special event performed from Festival in Van stage with the facilitators, clients, and staff; drawing in the audience through active participation via songs and poems discussed in the workshops and some requests along the way too.


Following a successful first year, Songlines returns with visits to four new care homes in Mayo for 2024.

Isabela Basombrío Hoban and John Hoban are generously facilitating the workshops at Áras Deirbhle, Belmullet Community Hospital and the Sacred Heart Hospital, Castlebar.

*Songlines is proudly funded by the Arts Council with support from Tipperary County Council, Mayo County Council, Réalta, and Poetry Ireland.*



# TALKING ART
# LUNCH TIME SERIES



**Fiosraítear sa tsraith *Talking Art* de chuid an IMMA réimse 10 saothar ealaíne ó bhailiúchán na dánlainne. Tá sé á threorú ag an amharc-ealaíontóir Norah Brennan agus foghlaimeoidh tú cén chaoi an ealaín a thuiscint. Cuirfidh Norah leideanna ar fáil maidir le dath, téamaí agus struchtúr agus cabhróidh sí leat cur síos a dhéanamh ar an saothar.**

Is cuma más saineolaí ealaíne nó tosaitheoir díograiseach thú, freastalóidh an tsraith cainteanna seo ar gach duine. Bí i gcuideachta Norah chun aghaidh a thabhairt ar an aistear seo i ndomhan tuisceana na healaíne. Ní gá aon taithí a bheith agat.

Amharc-ealaíontóir teibí í Norah Brennan a thugann go speisialta faoi dhéanamh priontaí, ach is péintéir agus ealaíontóir colláise í freisin. Bhain sí MA amach sa Mhínealaín ó TÚS (2023). Tar éis di cáilíocht BA (Onóracha) a bhaint amach ó GMIT (2011), bronnadh Sparánacht Bhliantúil Stiúideo Clódóireachta na Gaillimhe uirthi agus lean sí de bheith ina ball ansin go dtí gur dúnadh é in 2018. Oibríonn sí anois ina ceardlann stiúideo féin i gClár Chlainne Mhuiris, Contae Mhaigh Eo agus is ball de Dhéantóirí Priontaí Luimnigh í.

**Ionad:** **Amharclann Halla an Bhaile Chlár Chlainne Mhuiris**
**Dáta:** **An 13, an 20 agus an 27 Bealtaine**
**Am:** **Ó 1pm go 2pm**
**Áirithint:** **mayoarts@mayococo.ie nó cuir glaoch ar 094 90 64666 le háit a chur in áirithe.**



**The IMMA *Talking Art* series explores a range of 10 artworks from the gallery collection. Guided by visual artist Norah Brennan, you will learn how to 'read' art. Norah will provide prompts on colour, themes and structure and will help you to describe the work.**

Whether you're a seasoned art connoisseur or an eager novice, this talk series caters to all. Join Norah for this journey into the world of art interpretation. No experience necessary!

Norah Brennan is an abstract visual artist who specialises in printmaking, but she is also a painter and collage artist. She holds an MA in Fine Art from TUS (2023). On graduating with a BA (Hons) from GMIT (2011) she was awarded the Galway Print Studio Annual Bursary and remained a member there until its closure in 2018. She now works from her own studio workshop in Claremorris, Co. Mayo and is a member of Limerick Printmakers.

**Venue:** **Claremorris Townhall Theatre**
**Date:** **May 13th, 20th and 27th**
**Time:** **1pm to 2pm**
**Booking:** **mayoarts@mayococo.ie or call 094 90 64666 to book.**



# PAPER MAKING AND BOOKBINDING WORKSHOP WITH SUSIE QUINN

## Foghlaim an scil déanta páipéir agus cheangail leabhair agus déan do leabhar féin ón tús.

Foghlaimeoidh tú an cheird, faoi threoir an ealaíontóra Susie Quinn, ina ndéantar páipéar de laíon agus ina ndéantar é a cheangal isteach i do leabhar féin. Fiosraigh na teicnící éagsúla déanta páipéir agus dath, uigeacht nó patrúin a chur ar an bpáipéar le do leabhar uathúil féin a chruthú.

Tá an cheardlann seo an-oiriúnach do thosaitheoirí agus do dhíograiseoirí. Ní gá aon taithí a bheith agat cheana féin.

Bhain Susie Quinn céim BA sa mhínealaín amach ó GMIT, Caisleán an Bharraigh in 2006 agus tá sí ag obair go príomha i gcló ó shin. Is iad a príomhtheicnící eitseáil prionta copair, lionóilphriontáil agus monachló.

| | |
|---|---|
| **Ionad:** | **Stiúideo Custom House, Cathair na Mart** |
| **Dátaí:** | **An 8, an 15 agus an 22 Bealtaine** |
| **Am:** | **10am to 12pm** |
| **Áirithint:** | mayoarts@mayococo.ie **nó cuir glaoch ar 094 90 64666 le háit a chur in áirithe.** |

## Learn the skill of papermaking and book binding and make your very own book from scratch.

Guided by artist Susie Quinn, you will learn the craft of transforming pulp into paper and binding it into your own book. Discover the variations of paper making techniques, adding color, texture, or patterns to the paper to create your own unique book.

Perfect for beginners and enthusiasts. No previous experience necessary.


Susie Quinn graduated from GMIT, Castlebar with a BA in fine art in 2006 and she has been mainly working in print since. Her main techniques are copperplate etching, lino printing and monotype.

| | |
|---|---|
| **Venue:** | **Custom House Studio, Westport** |
| **Dates:** | **May 8th, 15th and 22nd** |
| **Time:** | **10am to 12pm** |
| **Booking:** | mayoarts@mayococo.ie **or call 094 90 64666 to book.** |

# WILLOW WORKSHOP

**Foghlaim teicnící fíodóireachta sailí le Derek McLoughlin. Ealaíontóir dealbhóireachta agus caoladóir é Derek McLoughlin a oibríonn den chuid is mó le saileach.**

**Learn willow weaving techniques with Derek McLoughlin. Derek McLoughlin is a sculptural artist and basket-maker who mainly works with willow.**



Taispeánfaidh Derek teicnící éagsúla chun oibriú le saileach, cosúil le fíodóireacht, casadh agus múnlú, trí úsáid a bhaint as saileach a fásadh go hinbhuanaithe.

Beidh an deis ag rannpháirtithe triail a bhaint as a bhfáinleog féin a fhí. Cuirfidh Derek treoir agus tacaíocht ar fáil de réir mar a roghnaíonn rannpháirtithe a n-ábhair agus a thosaíonn siad lena saothair féin a chruthú. Tús eolais a bheidh sa cheardlann ar roinnt de na modhanna, na hábhair agus na próisis a úsáidtear go minic i bhfíodóireacht sailí, agus tabharfar treoir ina dhiaidh sin maidir le conas d'fháinleog féin sailí a chruthú.

Using sustainably grown willow, Derek will demonstrate various techniques for working with willow, such as weaving, twisting, and shaping.

Participants will have the opportunity to try their hand at weaving their own willow swallow. Derek will provide guidance and support as participants select their materials and begin crafting their own creations. The workshop will consist of an introduction to some of the methods, materials and processes commonly used in willow weaving, followed by instruction on how to create your own willow swallow.


| | |
|---|---|
| **Ionad:** | **Ceardlann Artsquad Mhaigh Eo, Eastát Tionsclaíochta an Mhíle Órga, Caisleán an Bharraigh, F23 P651** |
| **Dáta:** | **An 13 Bealtaine** |
| **Am:** | **10am to 1pm** |
| **Áirithint:** | mayoarts@mayococo.ie **nó cuir glaoch ar 094 90 64666 le háit a chur in áirithe.** |

| | |
|---|---|
| **Venue:** | **Mayo Artsquad Workshop, Golden Mile Industrial Estate, Castlebar, F23 P651** |
| **Date:** | **May 13th** |
| **Time:** | **10am to 1pm** |
| **Booking:** | mayoarts@mayococo.ie **or call 094 90 64666 to book.** |

# RHYTHM OF LIGHT: FILM SCREENING

**Mar chuid den tionscadal Ealaín sa Tírdhreach, d'oibrigh Hardeep Singh Sahota agus Tim Smith ar choimisiún ealaíne i bPáirc Dhealbh Loch na Buaraí in Uíbh Fháilí agus Conair Dhealbh Thír Sáile i dTuaisceart Mhaigh Eo ó mhí Mheán Fómhair 2023 go mí Aibreáin 2024.**

**As part of Art in the Landscape, Hardeep Singh Sahota and Tim Smith worked on an art commissions in Lough Boora Sculpture Park in Offaly and Tír Sáile Sculpture Trail in North Mayo from September 2023 until April 2024.**



Mar chuid den choimisiún, léirigh siad scannán ina bhfiosraítear saol oibre daoine sa dá áit.

Saorghrianghrafadóir é Tim Smith a dhéanann obair eagarthóireachta agus thráchtála in éineacht le tionscadail taispeántais, foilsithe agus mheán measctha. Fiosraítear in go leor dá obair na naisc idir an Bhreatain agus daoine agus áiteanna i gcodanna eile an domhain. Tá sé bunaithe in Yorkshire.

As part of the commission, they produced a film that explores people's working lives in each location.

Tim Smith is a freelance photographer who combines editorial and commercial work with exhibition, publishing and mixed media projects. Much of this work explores the links between Britain and people and places in other parts of the world. He is based in Yorkshire.

| | |
|---|---|
| **Ionad:** | **Ionad Cuairteoirí Abhainn Eidhneach, Béal Átha Chomhraic, Béal an Átha, F26 HW72** |
| **Dáta:** | **An 30 Bealtaine** |
| **Am:** | **Ó 6pm go 8pm** |
| **Áirithint:** | mayoarts@mayococo.ie **nó cuir glaoch ar 094 90 64666 le háit a chur in áirithe.** |

*Tionscadal é An Ealaín sa Tírdhreach a thosaigh Comhairle Contae Uíbh Fhailí i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Amharc-Ealaíontóirí Éireann agus a chistíonn Cuiridh chun Comhoibriú na Comhairle Ealaíon.*

| | |
|---|---|
| **Venue:** | **Oweninny Visitor Centre, Bellacorrick, Ballina, F26 HW72** |
| **Date:** | **May 30th** |
| **Time:** | **6pm to 8pm** |
| **Booking:** | mayoarts@mayococo.ie **or call 094 90 64666 to book.** |

*Art in the Landscape is a project initiated by Offaly County Council in partnership with Mayo County Council and Visual Artist Ireland and funded by the Arts Council's An Invitation to Collaboration.*



*Rhythm of Light: Bhangra dancer Hardeep Sahota performing at the Tidal Pool in Belmullet, County Mayo.*
*Graingraif le / Photo by Tim Smith*

# INTRODUCTION TO THE BALLINGLEN COLLECTION GUIDED TOUR

**Bí i dteannta an amharc-ealaíontóra Nuala Clarke chun freastal ar thuras réchúiseach ina gcaithfear súil ar shaothair áirithe Bhailiúchán Fhoras Ealaíon Bhaile an Ghleanna. Tabharfaidh tú cuairt ansin ar sheomra na cartlainne chun súil a chaitheamh ar rogha saothar agus foghlaimeoidh tú faoin bpróiseas a bhaineann leis na saothair ealaíne a fháil agus a chur i gcuntas.**

Glac páirt i bplé spreagúil, cuir ceisteanna, agus tabhair do chuid tuairimí le fios do na rannpháirtithe eile. Turas neamhfhoirmiúil é seo agus tá sé ceaptha a bheith ina phlé idirghníomhach agus spreagúil a dhéanfaidh ceangal níos dlúithe leis na saothair ealaíne a chothú.

Rugadh i mBaile Átha Cliath Nuala agus ba chéimí leis an NCAD í in 1993. Chónaigh agus d'oibrigh sí i gCathair Nua-Eabhrac idir 1993 agus 2013. Is péintéir ealaíne teibí agus comhalta de chuid Bhaile an Ghleanna í, a thaisepánann a saothar go rialta in Éirinn agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

| | |
|---|---|
| **Ionad:** | **Foras Ealaíon Bhaile an Ghleanna, Baile an Chaisil, F26 X5N3** |
| **Dáta:** | **Déardaoin, an 16 Bealtaine 2020** |
| **Am:** | **1 - 2pm** |
| **Áirithint:** | mayoarts@mayococo.ie **nó 09490 64666 le háit a chur in áirithe.** |



**Join visual artist Nuala Clarke for a slow looking tour of selected works of the Ballinglen Arts Foundation collection. You will then visit the archive room to view a selection of works and learn about the process of receiving and logging the artwork.**

Join in engaging discussions, ask questions, and share your perspectives with fellow participants. This is an informal tour and is designed to be interactive, encouraging dialogue and fostering a deeper connection with the artworks.

Born in Dublin, graduated NCAD, 1993. Lived and worked in New York City, 1993- 2013. Nuala, an abstract painter, is a Ballinglen Fellow and exhibits regularly in Ireland and the US.

| | |
|---|---|
| **Venue:** | **Ballinglen Arts Foundation, Ballycastle, F26 X5N3** |
| **Date:** | **Thursday May 16th** |
| **Time:** | **1 – 2pm** |
| **Booking:** | mayoarts@mayococo.ie **or 09490 64666 to book.** |



# BEALTAINE 2024 I MAIGH EO
# BEALTAINE 2024 IN MAYO

An dteastaíonn uait a fháil amach cad eile a bheidh ag tarlú le haghaidh Bealtaine? Téigh chuig www.bealtaine.ie le haghaidh liosta na n-imeachtaí. Beidh imeachtaí Bhealtaine ar siúl sna hionaid ealaíon seo a leanas i rith mhí na Bealtaine. Déan teagmháil dhíreach leis an ionad le haghaidh sonraí iomlána.

Wondering what else is happening for Bealtaine? Check out www.bealtaine.ie for events listings. The following arts venues have Bealtaine events taking place during the month of May.  Please contact the venue directly for full details.

## ÁRAS INIS GLUAIRE
097 810 79 | info@arasinisgluaire.ie | www.arasinisgluaire.ie

## BALLINGLEN ARTS FOUNDATION
096 431 84 | ballinglenarts@gmail.com | www.ballinglenartsfoundation.org

## LINENHALL ARTS CENTRE
094 902 3733 | info@thelinenhall.com | www.thelinenhall.com

## BALLINA ARTS CENTRE
096 735 93 | info@ballinaartscentre.com

## CUSTOM HOUSE STUDIO
098 287 35 | info@customhousestudios.ie

## IMEACHTAÍ AG LEABHARLANNA MHAIGH EO
## EVENTS AT MAYO LIBRARIES:
Is féidir sonraí a fháil maidir le himeachtaí Sheirbhísí Leabharlainne Chomhairle Contae Mhaigh Eo ag www.mayo.ie/library
Details of Mayo County Council Library Services events can be found at www.mayo.ie/library





Tá Bealtaine arna mhaoiniú go straitéiseach ag Comhairle Contae Mhaigh Eo agus ag an gComhairle Ealaíon.
Bealtaine is strategically funded by Mayo County Council and the Arts Council.

## TUILLEADH EOLAIS
## FOR FURTHER INFORMATION

Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo,
Mayo County Council Arts Service,
mayoarts@mayococo.ie | 094 90 64666 | www.mayo.ie/arts

*Tá Bealtaine arna mhaoiniú go straitéiseach ag Comhairle Contae Mhaigh Eo agus ag an gComhairle Ealaíon.*
*Bealtaine is strategically funded by Mayo County Council and the Arts Council.*



Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council

the arts council
an chomhairle ealaíon
funding the arts

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Age & Opportunity
Bealtaine Festival
Celebrating the arts and creativity as we age

Age & Opportunity

LCDC

Healthy Mayo

MAYO AGE FRIENDLY COUNTY PROGRAMME

pobal
government supporting communities

Íomhá clúdaigh / Cover image: Lavender House, Katie Moore, fresh flowers installation for *Onsight* (2023).
Graingraif le / Photo by: Conor McKeown